



An Coimisiún
Eorpach

BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

Taighde agus Nuálaíocht

#EUBudget #HorizonEU #FutureofEurope



7 Meitheamh 2018

SCÉALTA RATHA I DTAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AN AONTAIS EORPAIGH

De thairbhe maoiniú ón Aontas Eorpach, fuairamar torthaí sármhaithe sna réimsí seo a leanas:



CÓIR LEIGHIS DON AILSE

Cé mhéid ceimiteiripe atá ag teastáil?

Sna tíortha forbartha, is baol do bhean as gach ochtar ailse na gcíoch a tholghadh. Is rud éifeachtach atá sa cheimiteiripe, ach bíonn fo-éifeachtaí tromchúiseacha ag gabháil leis, agus tá an baol ann go bhfuil an iomarca ceimiteiripe á cur ar dhuine as gach cúigear othar a bhfuil an chéad rian den ailse orthu. De réir taighde a bhí maoinithe ag an Aontas Eorpach, an cumasc idir modhanna traidisiúnta agus tástáil nua saotharlainne chun neart an othrais a mheas, sin é is fearr a shocraíonn an méid ceimiteiripe atá ag teastáil.

BREOSLA GRÉINE LE HAGHAIDH SCAIRDEITLÉÁN

Tá breosla gréine le haghaidh scairdeitleán déanta ag lucht taighde as uisce agus dé-ocsaíd charbóin

Le maoiniú ón Aontas Eorpach, d'éirigh le lucht taighde léiriú a dhéanamh ó thús go deireadh ar an slabhra táirgeachta don cheirisín in-athnuaite agus is í cumhacht na gréine a d'úsáid siad chuige sin. Úsáidtear solas comhchruinnithe na gréine le himoibriú a thosú idir uisce agus an CO₂ a bhaintear as an aer chun breosla a tháirgeadh ar ghrád na scairdeiteoireachta. Tá sé de phoitéinseal sa teicneolaíocht breosla sábháilte inbhuanaithe inscálaithe a sholáthar do scairdeitleáin, chomh maith le díosal agus gásailín, agus plaitigh fiú amháin.



CÚRAM RÓBAT

Tá róbait atá maoinithe ag an Aontas Eorpach ag cuidiú le hóg agus le haosta

Is rud í an ailse a ghoilleann go mór ar leanaí óga ach go háirithe, agus dá bhrí sin, tá róbait dar leasainm 'Little Casper' cruthaithe ag eolaithe a bhfuil maoiniú ón Aontas Eorpach acu. Tá tástáil á déanamh ar Chasper i láthair na huaire in ospidéal i Liospóin, agus bíonn sé ag fánaíocht timpeall na háite sin le misneach a chur sna hothair óga a bhfuil ailse orthu. Tá cúnamh ó róbait le fáil do dhaoine aosta chomh maith. Tá foireann eile á maoiniú ag an Aontas Eorpach agus iad ag tabhairt cúnatóirí róbait chun cinn, cúnatóirí iontaofa a bhíonn so-úsáidte ag na daoine, chun cuidiú le daoine aosta i ndéanamh na gcúram baile ó lá go lá.

CADHNRA DO-ÍDITHE

Le maoiniú ón Aontas Eorpach, tháinig ann freisin d'fhorbairt sárchadhna

Le cuidiú maoinithe ón Aontas Eorpach, tá cuideachta ón Eastóin ag táirgeadh gléas stórála fuinnimh ar a dtugtar an t-ultra-thoilleoir, rud a bhfuil cumhacht céad gnáthchadhna ann, agus acmhainn a athluchtaithe ann go ceann milliún timthriall. Na hultra-thoilleoirí atá ag Skeleton, is ar ghraiféin atá siad bunaithe, is é sin foirm dhéthoiseach den charbón, agus airíonna suntasacha ag roinnt leis. Tá €13 milliún tiomsaithe ag an gcuideachta le háis déantúsaíochta a thógáil sa Ghearmáin a mbeadh sé d'acmhainn ann na hultra-thoilleoirí nua seo a tháirgeadh ina milliúin gach bliain.





TEACH NA HAISLINGE

Teach nua agus é clóite duit féin?

Is gearr go gcuire an chlódóireacht 3T réabhlóid i dtionscal na tógála, mar ceadóidh sé monarú táirgí tógála. Tá tionscadal le maoiniú ón Aontas Eorpach ag obair i dtreo inneall intráchtála a tháirgeadh, inneall le húsáid ar láthair na tógála a fhágann gur féidir paraiméadair dheartha a chuimsiú ag céim an táirgthe. D'fhágfadh sin gur rud ní b'éifeachtaí ó thaobh na gcostas de agus rud ní b'éifeachtúla ó thaobh úsáid acmhainní de a bheadh i dtionscal na tógála.

IOMPAR AR AN UISCE AGUS É NÍOS GLAISE

Tá bád farantóireachta 100% aibhléise ar fíor na spéire

Tá tuairim agus 900 bád farantóireachta san Eoraip i gcóir lastais agus carranna agus paisinéirí, rud is ionann agus 35 % den chabhlach domhanda. Le soithí a chur ar fáil a bheidh sparálach ó thaobh fuinnimh de, soithí a eiseoidh níos lú dé-ocsaíd charbóin amach anseo, cuirfidh tionscadal le maoiniú ón Aontas Eorpach bád farantóireachta iomlán leictreach ar taispeáint. Beidh raon 40 ciliméadar ann, luas 25 ciliméadar san uair, agus slí ann i gcomhair 30 carr nó mar sin agus dhá chéad duine. Déanfaidh fréamhshamhail an bháid seo oileán Aeroe (An Danmhairg) a cheangal leis an mórthír.



I MBUN FIONNACHTANA AR FUD NA CRUINNE

Tuilleadh béime ar thonnta imtharraingteacha

In 2015, de bharr tonnta imtharraingteacha a bhrath, cuireadh faisnéis úrnua ar fáil faoin gCruinne. Ag cur leis an bhfionnachtain seo dóibh, tá brath déanta ar thonnta ag eolaithe atá á maoiniú ag an Aontas Eorpach i dtrí réadlann, rud nár tharla cheana sa réaltfhisic, ionas gur féidir áit thionscanta na dtionnta a aimsiú feasta. Fágfaidh sin go mbeifear in ann leas níos fearr a bhaint as na sonraí atá á soláthar acu, rud a osclaíonn fuinneog ar an gCruinne.

COSMAIDÍ A DHÉANAMH LE BARRA

Tá talamh bán á tabhairt chun míneadais ag tionscadal tionsclaíochta a bhfuil maoiniú ón Aontas Eorpach aige le hola a tháirgeadh

Is minic learg na sléibhte i gceantar na Meánmhara chomh tirim carrach agus nach féidir bia a chur ag fás orthu. Cé ea áfach, tá tionscadal de chuid an Aontais Eorpaigh i réimse na tionsclaíochta ag léiriú mar is féidir cosmaidí agus bithphlaistigh a tháirgeadh ach scagadh a dhéanamh ar an ola a bhaintear as síolta ó bharr neamh-bhia a bhfuil an-teacht aniar iontu. Is rud inmharthana ó thaobh na tráchtála de talamh bán a thiontú ina talamh táirgiúil feirmeoireachta, rud a bheidh ina chúnamh le hathbharradh a chur faoi phobail áitiúla agus le hinfheistíocht a mhealladh.



UISCE NA BEATHA: CÓIR MHAITH A CHOINNEÁIL AR LOCHANNA AGUS AIBHNEACHA NA HEORPA TRÍ MHEÁN NA HEOLAÍOCHTA

Tá léargas ar an athrú i gcúrsaí uisce ar fud an domhain i dtogra taighde a fuair maoiniú ón Aontas Eorpach

Tá foinsí uisce ghlan sna lochanna agus sna haibhneacha nach mairfeadh an duine, an fiadhúlra ná an geilleagar murach iad, ach déanta na firinne níl iontu ach lítear amháin as gach deich míle lítear uisce ar domhan. Fágann sin gur mór is tábhachtach an tuiscint atá orthu a fheabhsú, agus uiscí truailithe a ghlanadh, agus iad a choinneáil glan. Ag obair dóibh sa Choimisiún Eorpach, tá mapa dinimiciúil déanta ag lucht taighde de gach uile chaolán uisce ar domhan agus é bunaithe ar os cionn trí mhiliún íomhá satailíte (1,823 theiribheart sonraí) a bailíodh idir 1984 agus 2015, agus 10,000 ríomhaire ag obair taobh le taobh acu. Is iomaí leas atá le baint as, idir bhainistiú uisce agus thuiscint ar an athrú aeráide, idir chúrsaí riosca, athléimneacht agus an t-athbhiseach atá nasctha le gluaiseacht an uisce agus pleanáil na mbonneagar.